Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe
County Galway Vocational Education Committee

# Lámhleabhar an Fhoghlaimeora

## Clár na nÁbhar

BROLLACH -Seosamh Mac Donncha....2
BROLLACH – Eithne Nic Dhonnchadha....3
RÉAMHRÁ....4
RÁITEAS MISIN CHOISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE4
RÁITEAS POLASAÍ MAIDIR LE HÁIT A THAIRISCINT D'FHOGHLAIMEOIRÍ ....5
FREAGRACHTAÍ AN FHOGHLAIMEORA....5
CÓD IOMPAIR....7
RÁITEAS POLASAÍ MAIDIR LE SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT....8
RÁITEAS POLASAÍ MAIDIR LE COMHIONANNAS D'FHOGHLAIMEOIRÍ ...10
COMHAIRLE NA NDÁMHACHTAINÍ BREISOIDE ACHAIS AGUS OILIÚNA 11
DÁMHACHTAINÍ FETAC A ÁIREAMH AR CHREATOIBRE NÁISIÚNTA NA GCÁILÍOCHTAÍ....11
RIALACHA MEASÚNAITHE FETAC....11
OBAIR CHÚRSA SCRÍOFA (TASCANNA / TIONSCADA(I)L)....12
SCRÚDUITHE SCRÍOFA....12
SCRÚDUITHE AR RÍOMHAIRE....13
MEASÚNUITHE PRAITICIÚLA....13
PIONÓIS MAIDIR LE SÁRÚ NA RIALACHA MEASÚNUITHE....14
PORTFÓILIÓNNA FETAC A CHUR I LÁTHAIR....14
BAILIÚ OBAIR NA BHFOGHLAIMEOIRÍ I NDIAIDH DHÁTA NA NACHOMHARC....15
NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHARC FETAC:....16
COMHAIRLIÚCHÁN INMHEÁNACH....16
ACHOMHARC SEACHTRACH....16
SONRAÍ TEAGMHÁLA CHOISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE:....17
NÓTAÍ....19

## **BROLLACH** -Seosamh Mac Donncha

Tá an-áthas orm 'Foghlaim ar Feadh an tSaoil i gCo. na Gaillimhe' a chur i do láthair. Tá an Lámhleabhar seo curtha le chéile do gach foghlaimeoir atá cláraithe ar aon chlár Oideachais d'Aosaigh, Breisoideachais nó Oideachas Pobail. Tá eolas tábhachtach le fáil anseo ar pholasaithe, nósanna agus rialacha a bhaineann leatsa. Molaim duit an lámhleabhar seo a léamh agus a sheiceáil arís aon uair is gá.

Trí na cláir Oideachais d'Aosaigh, Breisoideachais agus Oideachas Pobail bíonn Coiste Gairmoideachais na Gaillimhe ag iarraidh neart deiseanna foghlama den scoth a fhorbairt agus a chur ar fáil ionas go mbeidh foghlaimeoirí in ann a gcumas iomlán a bhaint amach. Tá na cláir seo ar fáil i Scoileanna agus in Ionaid ar fud an Chontae agus, ar mhaithe leis an bhfoghlaimeoir, forbraíodh iad i gcomhar le páirtithe éagsúla. Déantar freastal ar dhaoine éagsúla sa phobal agus tugtar deiseanna foghlama do dhaoine fásta le forbairt go gairmiúil agus go pearsanta. Gheobhaidh tú an deis oiliúint agus athoiliúint a fháil go lánaimseartha nó go páirtaimseartha.

Táim cinnte gur féidir linn na deiseanna oideachais is fearr a fheileann duit a thabhairt duit. Tá súil agam go mbainfidh tú taitneamh agus tairbhe as do thréimhse linn.

**Seosamh Mac Donncha**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin – Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe.

## **BROLLACH – Eithne Nic Dhonnchadha**

Trínár seirbhísí d'Oideachas Aosach, tá Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe gnóthach ag tacú leatsa mar fhoghlaimeoir filleadh ar oideachas agus taitneamh a bhaint as d'eispéireas foghlama.

Tairgtear na cláir ar fad ag leibhéil éagsúla teastasaithe agus clúdaíonn siad raon leathan cúrsaí ó chúram leanaí go gnó go staidéar ar na meáin, ealaín, ríomhairí, riarachán, chomh maith leis an Teastas Sóisearach agus an Ardteistiméireacht.

Tá sé tábhachtach go bhfíoródh tusa d'acmhainn le linn duit a bheith i mbun staidéir linne agus go gcuirfeá le d'fhorbairt mar dhuine aonair. Tabharfaidh múinteoirí gach ugach duit dul ar aghaidh le do chuid staidéir agus gach cúnamh chun do ghairm bheatha a phleanáil.

Guím gach rath ort agus tú i mbun staidéir.

**Eithne Nic Dhonnchadha**
**Oifigeach d'Oideachas Aosach**

## RÉAMHRÁ

Tá Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe i measc 33 Coiste Gairmoideachais ag obair sa Stát atá freagrach as raon seirbhísí a chur ar fáil cosúil le hoideachas dara leibhéal, oideachas d'aosaigh agus breisoideachas agus seirbhísí tacaíochta eile do dhaoine óga agus do dhaoine fásta i gContae na Gaillimhe.

Tá Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe cláraithe le FETAC (Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna) agus cuireann an Coiste cúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha éagsúla ar fáil i Scoileanna/in Ionaid éagsúla.

Cuid lárnach d'obair an Choiste é Oideachas d'Aosaigh agus Breisoideachas agus bíonn sé mar aidhm ag na cláir freastal ar riachtanais na spriocghrúpaí éagsúla. Tá réimse leathan clár agus ábhar in ionaid éagsúla ar fud an chontae faoi chúram an Choiste Gairmoideachais – Litearthacht, Oideachas Pobail, Oideachas sna hEalaíona, Treoirthionscnamh Oideachais d'Aosaigh, Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS), Ógtheagmháil, Ionaid Oiliúna don Lucht Siúil Sinsir, Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta agus cláir Filleadh ar an Oideachas ina measc. I measc na nithe eile atá faoi chúram an Choiste Gairmoideachais tá an Scéim Deontas Tríú Leibhéal, Iompar Scoile, Gnóthaí Óige agus Oideachas Allamuigh.

## RÁITEAS MISIN CHOISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE

Is é misean Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe seirbhísí oideachais, oiliúna agus tacaíocht pobail a thabhairt do gach foghlaimeoir. Cuirtear na cláir ar fáil ag leibhéil éagsúla a fheileann do chumas an fhoghlaimeora. Bíonn na cláir ar an gcaighdeán is airde, ar an gcostas is ísle agus ar fáil do chách.

Cuirfidh na cláir ar chumas na bhfoghlaimeoirí:

- A gcumas iomlán a bhaint amach agus a bheith gníomhach sa tsochaí;
- Cur le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha ag leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

**Tugann Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe an méid seo a leanas d'fhoghlaimeoirí:**

- Oideachas agus cúrsaí den scoth.
- Timpeallacht agus acmhainní foghlama a thacaíonn agus a spreagann foghlaimeoirí chun a gcumas iomlán a bhaint amach.
- Eolas cruinn faoi chúrsaí agus an méid a mbeifear ag súil leis.
- Measúnú cothrom, bailí, in am agus i dtráth ar an bhfoghlaim.

- Foireann oilte, cháilithe a thacóidh leis na foghlaimeoirí, a thabharfaidh meas dóibh agus a thuigfidh riachtanais na bhfoghlaimeoirí.

- Bealach cothrom, leanúnach leis na rialacha ar fad a chur i bhfeidhm.

- Timpeallacht shláintiúil, shábháilte a thabharfaidh taithí dhearfach foghlama.

## RÁITEAS POLASAÍ MAIDIR LE HÁIT A THAIRISCINT D'FHOGHLAIMEOIRÍ

Gheobhaidh foghlaimeoir áit ar chúrsa/ar ghníomhaíocht ach:

- Áit a bheith ar fáil

- Na riachtanais a bheith comhlíonta

Tá trí phrionsabal i gceist le háit a fháil:

- Gurb é breithiúnas gairmiúil Údarás na Scoile/an Ionaid (is ionann an téarma 'Údarás Scoile/Ionaid', agus Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin nó oifigeach atá ainmnithe le gníomhú ar a shon), agus i ndiaidh agallaimh (má mheastar a leithéid a bheith ag teastáil) go bhfuil an foghlaimeoir feiliúnach do chúrsa/do ghníomhaíocht.

- Gurb é breithiúnas gairmiúil Údarás na Scoile/an Ionaid, go mbainfidh an foghlaimeoir, bunaithe ar oideachas, oiliúint nó taithí roimhe seo, tairbhe as freastal ar an gcúrsa i gceist.

- Go gcuirfidh rannpháirtíocht leis an gcúrsa/leis an ngníomhaíocht agus nach gcuirfear isteach ar bhealach ar bith ar dheiseanna ná ar chearta foghlaimeoirí eile ná ar chomhaltaí foirne.

**Cuirfear gach aighneas a bhaineann le háit a fháil ar chúrsa faoi bhráid an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin nó an oifigigh ainmnithe.**

## FREAGRACHTAÍ AN FHOGHLAIMEORA

Tá dualgas ar fhoghlaimeoirí a chinntiú go dtuigeann siad agus go gcomhlíonann siad na rialacha atá sonraithe ag Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe don scoil/ionad ina bhfuil siad cláraithe. Ní mór d'fhoghlaimeoirí a chinntiú go bhfuil na háiseanna acu – leabhair, stáiseanóireacht, trealamh agus ábhair eile – a deir Údarás na Scoile/an Ionaid atá ag teastáil. Lena chois sin, tá roinnt freagrachtaí eile ar gach foghlaimeoir:

(i) **Dá leathbhádóirí**
Comhoibriú ar mhaithe le timpeallacht a chruthú ina léirítear meas agus an timpeallacht sin a chothú.

(ii) **Don fhoireann**
Gach oibleagáid a chomhlíonadh chun a chinntiú go mbíonn an scoil/an t-ionad á rith go héifeachtach.

(iii) **Don scoil/ionad**
Meas a léiriú d'fhoirgnimh agus do mhaoin agus a chinntiú go mbíonn meas ag an bpobal trí chéile ar an scoil/ar an ionad.

(iv) **Don phobal**
Iad féin a iompar go freagrach agus le meas sa phobal.

(v) **Do shláinte agus sábháilteacht**
A chinntiú go gcloítear le nósanna agus le rialacha Sláinte agus Sábháilteachta.

**MAOIN FOGHLAIMEOIRÍ**
Ní ghlacann Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe aon fhreagracht as caillteanas nó as damáiste do mhaoin aon fhoghlaimeora.

**MAOIN CHOISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE**
D'fhéadfadh Foghlaimeoirí a bheith freagrach as costas deisiúcháin nó íoc as maoin nua má dhéantar damáiste di trí iompar toiliúil nó míchúramach.

**SONRAÍ CLÁRÚCHÁIN/PPS A ATHRÚ**
Ní mór d'fhoghlaimeoirí athrú ar shonraí clárúcháin a chur in iúl don scoil/don ionad láithreach. Ní bheidh Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe freagrach as teip an fhoghlaimeora a leithéid d'fhógra a thabhairt. Caithfidh an uimhir PPS a bheith cruinn agus níl cead uimhir aon duine eile a úsáid.

**SCRÚDUITHE**
Ní mór d'fhoghlaimeoirí rialacha chomhlacht scrúdúcháin an chúrsa a chomhlíonadh.

**TINREAMH**
I ndáil le gach cúrsa/gníomhaíocht, ní mór freastal, go hiomlán agus go rialta, ar gach cuid den chlár. Caithfidh foghlaimeoir a chur in iúl don chomhalta foirne cuí mura féidir leis/léi freastal ar rang/imeacht áirithe. Ní mór d'fhoghlaimeoirí cloí leis na rialacha tinrimh a bhaineann leis an gclár. D'fhéadfaí a iarraidh ar fhoghlaimeoir ar bith nach bhfuil ag cloí leis na rialacha seo an cúrsa/an ghníomhaíocht a fhágáil. De bhrí gur modúil atá i gceist le cúrsaí FETAC, mura mbeifeá as láthair ach ar feadh achar gearr, d'fhéadfadh sé cur isteach go mór ar do thoradh ag deireadh an chúrsa.

**Más mian le haon fhoghlaimeoir soiléiriú breise a fháil ar an bpolasaí seo, ba chóir dul i dteagmháil leis an bPríomhoide, le Stiúrthóir/Comhordaitheoir an Ionaid nó le hAcmhainní Daonna.**

## CÓD IOMPAIR

Caithfidh foghlaimeoirí iad féin a iompar go freagrach i gcónaí, agus aird a bheith acu ar an gCód Iompair agus gan aon pháirt a bheith acu i ngníomhaíocht a tharraingeodh droch-cháil ar an scoil/ionad. Caithfidh foghlaimeoirí freastal ar gach gníomhaíocht ar an amchlár go rialta agus in am i.e. ranganna, seisiúin phraiticiúla, cleachtadh oibre, measúnú, turais allamuigh etc. Caithfidh foghlaimeoirí treoir a ghlacadh ón gcomhalta foirne/ó na comhaltaí foirne atá i gceannas. Má theipeann ar aon fhoghlaimeoir, i rith aon ghníomhaíochta ar an amchlár, é/í féin a iompar mar is ceart nó treoir a ghlacadh ó chomhalta foirne, d'fhéadfaí a iarraidh ar an bhfoghlaimeoir éirí as an ngníomhaíocht sin agus an cheist a chur faoi bhráid an Phríomhoide nó Stiúrthóir/Chomhordaitheoir an Ionaid agus gníomhú dá réir.

## DAMÁISTE DO MHAOIN

Caithfidh foghlaimeoirí, ar bhealach a shásóidh an scoil/an t-ionad, aon damáiste nó caillteanas maoine a dhéanfaidh siad sa scoil/san ionad go toiliúil nó go neamh-aireach nó le faill a chur ina cheart arís. Caithfidh foghlaimeoirí aon damáiste nó caillteanas maoin phearsanta aon fhoghlaimeora eile nó aon chomhalta foirne a chur ina cheart freisin.

## SÁRÚ RIALACHA

Is ionann sárú rialacha agus aon ghníomh nó neamhghníomh, a chuireann isteach ar chearta aon fhoghlaimeora/aon chomhalta foirne nó ar iompar ceart agus freagrach aon ghníomhaíocht scoile/ionaid, nó a sháraíonn an Cód Iompair. Mar thoradh air seo, d'fhéadfaí fíneáil, fionraí ar feadh tréimhse chinnte nó díbirt bhuan ón gcúrsa a bheith mar phionós.

## MÍ-IOMPAR

Seo samplaí áirithe de chionta, agus gan dochar don mhéid atá luaite roimhe seo:

- Iompar a chuirfidh isteach nó a d'fhéadfadh cur isteach ar theagasc, ar chleachtadh oibre nó ar staidéar.
- Bulaíocht nó ciapadh gnéis ar aon fhoghlaimeoir nó ar aon chomhalta foirne.
- Mí-úsáid alcóil (meisce) nó substaintí eile nó aon druga neamhdhleathach a mhí-úsáid, a bheith i do sheilbh, a sholáthar sa scoil/san ionad.
- Aon chomhalta foirne nó foghlaimeoir a chosc nó a chiapadh agus é/í/iad i mbun dualgas, oibre nó aon ghníomhaíochta eile de chuid an Choiste Gairmoideachais.
- Damáiste, aghlot nó mí-úsáid aon mhaoine sa scoil/san ionad.
- Aon mhaoin a ghoid nó aon ghníomh mí-ionraic nó neamhdhleathach eile a d'fhéadfadh cur isteach ar an scoil/ionad, teagascóir nó foghlaimeoir eile.
- Cur isteach ar threalamh sábháilteachta.
- Tobac a chaitheamh in áiteanna nach bhfuil ceadaithe.
- Torann nach bhfuil gá leis nó iompar dosmachtaithe nó drochtheanga.
- Gníomh nó easnamh na bhfoghlaimeoirí taobh amuigh den scoil/ionad agus iad ar thurais allamuigh, taithí oibre, cleachtadh oibre nó gníomhaíochtaí a eagraíonn an scoil/an t-ionad agus iad ag déanamh ionadaíochta ar an

scoil/ionad a bhrisfeadh an Cód Iompair dá mba rud é go raibh siad sa scoil/san ionad ag an am.

- Gníomhaíocht a chuireann isteach nó a d'fhéadfadh cur isteach ar cháil na scoile/an ionaid, ar cháil na bhfoghlaimeoirí nó ar cháil na gcomhaltaí foirne.
- Aon iompar atá maslach ó thaobh cine nó inscne nó atá maslach dóibh siúd a bhfuil míchumas nó bac foghlama agus/nó fisiciúil orthu.
- Úsáid ríomhairí ar ghnó ar bith eile seachas ar chúinsí oideachais Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe.
- Rialacha measúnaithe a shárú.
- Duine nó daoine eile a spreagadh nó a ghríosú le haon ní luaite thuas a dhéanamh.

**MÍ-IOMPAR TROMCHÚISEACH**

Féadfaidh an scoil/an t-ionad caitheamh le haon mhí-iompar dáiríre mar mhí-iompar tromchúiseach. Mar shampla, caithfear le haon mhí-iompar ina bhfuil foréigean nó bagairt dháiríre ar fhoréigean, damáiste d'aon ghnó do mhaoin, sláinte nó sábháilteacht aon duine eile a chur i mbaol, treoirlínte scoile/ionaid a bhaineann le slándáil a shárú d'aon ghnó nó aon ghníomhaíocht choiriúil eile a bhaineann leis an scoil/ionad nó foghlaimeoirí eile mar mhí-iompar tromchúiseach. D'fhéadfaí a iarraidh ar aon fhoghlaimeoir a úsáidfidh obair iarrthóirí eile an clár a fhágáil. Ní liosta iomlán é seo de na cásanna de mhí-iompar tromchúiseach sa scoil/san ionad. Samplaí atá san iompar atá sa liosta thuas agus níl aon chosc ar an gcomhalta foirne cuí breathnú ar iompar nó gníomh aon fhoghlaimeora agus a chinneadh gur sárú atá ann ar na rialacha.

**Tá cóip de Threoirlínte na Nósanna Imeachta Pionóis/Cód Iompair le fáil ón bPríomhoide nó ó Stiúrthóir/ó Chomhordaitheoir an Ionaid.**

## RÁITEAS POLASAÍ MAIDIR LE SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

Cuireann an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 dualgas reachtúil ar fhostóirí sláinte agus sábháilteacht a gcuid fostaithe, le linn dóibh a bheith ag obair, a chinntiú. Baineann an dualgas seo le daoine eile a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an obair seo chomh maith. Ba chóir go dtuigfeadh foghlaimeoirí go bhfuil dualgas orthu chomh maith faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair cuidiú le Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe áit shábháilte a chothú do chúrsaí agus tá dualgas dlíthiúil orthu gan cur isteach ar aon ní a chuirfeadh sábháilteacht i mbaol sa scoil/san ionad. Baineann Sláinte agus Sábháilteacht ag an obair le gach duine. Má bhíonn aon easnamh i gcúram ná in aird d'fhéadfadh gortú agus damáiste maoine a bheith dá bharr. Caithfidh Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe le haon ghníomh a chuirfidh sláinte agus sábháilteacht i mbaol mar chion dáiríre agus d'fhéadfaí pionós a ghearradh.

## DÍNIT AGUS MEAS

Tá Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe ag iarraidh timpeallacht a chothú ina bhfuil dínit agus meas ar an duine agus ina bhfuil an ceart ag an duine staidéar agus/nó oibriú i dtimpeallacht nach bhfuil bulaíocht, ciapadh nó imeaglú ann. Tuigeann Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe go bhfuil an ceart ag gach duine oibriú/staidéar i dtimpeallacht mar sin agus caithfidh gach comhalta foirne agus foghlaimeoir a f(h)reagrachtaí féin ina leith seo a aithint. NÍ GHLACFAR le bulaíocht, ciapadh ná imeaglú ó fhoghlaimeoirí ná ó chomhaltaí foirne. Baineann an polasaí seo le comhaltaí foirne agus le foghlaimeoirí na scoile/an ionaid agus aon duine eile atá páirteach i ngníomhaíochtaí nó seirbhísí na scoile/an ionaid.

## ÉALÚ I GCÁS TINE

- Siúil go dtí an pointe éalaithe is gaire
- Ná déan moill ag bailiú do mhaoin phearsanta
- Múch gach fearas leictreach (nuair is cuí)
- Dún gach doras i do dhiaidh (nuair is cuí)
- Nuair a bhainfidh tú an t-ionad tionóil amach tabhair aird ar threoracha na múinteoirí/na gcomhaltaí foirne
- Ná téigh ar ais san fhoirgneamh go mbeidh cead faighte agat

## GARCHABHAIR

Caithfear gach timpiste agus gortú a tharlaíonn le linn gníomhaíochtaí ar an amchlár a thuairisciú do chomhalta foirne ionas gur féidir an gortú a mheas agus cóir leighis a fháil.

## SEIRBHÍSÍ LEIGHIS

Ba chóir d'fhoghlaimeoirí a dteastaíonn dochtúir nó poitigéir uathu agus iad i mbun gníomhaíochtaí ar an amchlár, labhairt le comhalta foirne. Tá an foghlaimeoir freagrach as na seirbhísí seo a íoc é/í féin. Ba chóir d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riocht fadtréimhseach áirithe sláinte orthu le fada agus a d'fhéadfadh a bheith ábhartha ar a gcúrsa an méid sin a chur in iúl do Stiúrthóir an Chúrsa. Coinneofar gach eolas faoi rún daingean.

**Tá cóipeanna iomlána dár bPolasaí Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa, agus ár bPolasaí Frithbhulaíochta agus Ciaptha ar fáil ón bPríomhoide, ó Stiúrthóir/ó Chomhordaitheoir an Ionaid nó ó Acmhainní Daonna.**

## RÁITEAS POLASAÍ MAIDIR LE COMHIONANNAS D'FHOGHLAIMEOIRÍ

Tá Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe ag iarraidh na deiseanna céanna a thabhairt do gach foghlaimeoir beag beann ar inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, míchumas, creideamh, gnéaschlaonadh, cine, dath, náisiúntacht, bunadh eitnigh/náisiúnta nó de bhrí gur duine den lucht siúil é/í. Mar sin féin, ní chiallaíonn sé sin nach mbeidh Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe ag súil leis an obair chéanna i measúnuithe don ghradam céanna acadúil ó gach foghlaimeoir. Caithfidh gach foghlaimeoir atá ag freastal ar chlár an Choiste Gairmoideachais cloí leis na rialacha agus leis na polasaithe atá luaite i Lámhleabhar an Fhoghlaimeora.

Is mian le Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe go mbeidh timpeallacht ag foghlaimeoirí agus ag comhaltaí foirne saor ó leatrom agus ó chiapadh agus nach mbeidh aon mhíbhuntáiste ná bac ar aon fhoghlaimeoir mar gheall ar a pholasaithe, nósanna, struchtúir agus seirbhísí. Aithnítear i gCoiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe go gcaithfidh meas a bheith ar dhifríochtaí agus go gcaithfear iad a chur chun cinn sa timpeallacht foghlama do chomhaltaí foirne agus d'fhoghlaimeoirí araon. Tá gach comhalta foirne agus foghlaimeoir i dteideal go gcaithfí go cothrom leo sa scoil/san ionad.

Tá gach foghlaimeoir i dteideal oideachas agus oiliúint a fháil i dtimpeallacht ina léirítear tuiscint ar a gcultúr, a dtaithí agus a gcuid difríochtaí agus ina dtacaítear leis an gcultúr, leis an taithí agus leis na difríochtaí sin. D'fhéadfaí é seo a chur chun cinn trí éagsúlacht a spreagadh sa seomra ranga.

Tá Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe ag iarraidh:

- a chinntiú nach mbíonn idirdhealú le sonrú i dteanga na n-ábhar teagaisc agus margaíochta agus, nuair a fheileann, go léireoidh siad an éagsúlacht sa scoil/san ionad agus sa phobal.

- a chinntiú go spreagfar gach foghlaimeoir le páirt a ghlacadh sa réimse leathan cúrsaí atá ar fáil;

- timpeallacht foghlama a chur ar fáil a spreagfaidh na foghlaimeoirí le fanacht ar an gcúrsa trí fáil réidh le bacainní agus trí chinntiú go bhfuil na scileanna ag teagascóirí le cúrsaí a chur ar fáil do chách.

Má bhraitheann aon fhoghlaimeoir nár caitheadh leis/léi go cothrom ba chóir é sin a chur in iúl don Phríomhoide nó do Stiúrthóir/do Chomhordaitheoir an Ionaid.

**Tá cóip iomlán den Pholasaí Comhionannais le fáil ón bPríomhoide, ó Stiúrthóir/ó Chomhordaitheoir an Ionaid, nó ó Acmhainní Daonna.**

## COMHAIRLE NA NDÁMHACHTAINÍ BREISOIDE ACHAIS AGUS OILIÚNA

Comhlacht dámhachtana náisiúnta don bhreisoideachas agus oiliúint in Éirinn é Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC) a thugann deis do dhaoine aitheantas a fháil don mhéid atá á fhoghlaim acu in ionaid oideachais nó oiliúna, san ionad oibre nó sa phobal.

I measc na bhfeidhmeanna atá ag FETAC tá:

- Gradaim a dhéanamh agus a chur chun cinn
- Cláir a bhailíochtú
- Caighdeán na gclár a mhonatóiriú agus a chinntiú
- Caighdeáin a chinneadh

## DÁMHACHTAINÍ FETAC A ÁIREAMH AR CHREATOIBRE NÁISIÚNTA NA GCÁILÍOCHTAÍ

Tá FETAC freagrach as córas nua cáilíochtaí a fhorbairt don earnáil breisoideachais agus oiliúna. Tá an córas seo mar chuid d'fhorbairt Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí (10 leibhéal) a áireoidh, de réir a chéile, na gradaim ar fad a bheidh ar fáil sa stát ón mbunleibhéal (Leibhéal 1) go dtí an t-ardleibhéal foghlama (Leibhéal 10).
Tá freagracht ar leith ar FETAC as raon gradam a sholáthar ag leibhéal 1-6 sa chreatoibre nua.

Tá tuilleadh eolais le fáil ar láithreán gréasáin FETAC, www.fetac.ie
Tugtar léargas ar Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí ar an leathanach cúil.

## RIALACHA MEASÚNAITHE FETAC

Tá dualgas ort a bheith ar an eolas faoina bhfuil scríofa sna rialacha a bhaineann le scrúduithe scríofa, tascanna agus measúnuithe praiticiúla agus na himpleachtaí a bhaineann leis na rialacha seo a shárú.

## OBAIR CHÚRSA SCRÍOFA (TASCANNA / TIONSCADA(I)L)

I. Ní mór duit aird a thabhairt ar na spriocdhátaí a bhaineann le hobair chúrsa scríofa chun measúnuithe a chur ar fáil.

II. Ní mór duit dearbhú a shíniú go bhfuil an obair chúrsa ar fad (tascanna, tionscadail, taifid, bailiúchán oibre, portfóilíonna etc.) do mheasúnuithe **déanta agat féin**. Ní hionann ábhar a thógtar go díreach ón Idirlíon nó ó fhoinsí eile agus do chuid oibre féin agus breathnófar ar a leithéid mar bhradaíl.

III. Sa chás go dtugtar faoi thionscadail/faoi thascanna grúpa, ní mór do gach iarrthóir a léiriú gurb é a c(h)uid oibre féin atá ann agus fianaise thacaíochta ar an obair atá déanta ag gach duine mar chuid den tionscadal/tasc grúpa a chur ar fáil.

IV. Níor cheart duit rochtain a fháil ar chomhaid iarrthóra eile ar ríomhaire ná aon áit eile.

V. Níor cheart duit cur isteach ar shlí ar bith ar obair foghlaimeoirí eile nó damáiste a dhéanamh don obair sin.

## SCRÚDUITHE SCRÍOFA

1. Ba cheart duit nóta a dhéanamh de dháta, d'am agus d'ionad gach scrúdú scríofa.

2. Níor mhór duit a bheith sa seomra scrúdaithe roimh thús an scrúdaithe.

3. Ní bheidh cead isteach agat sa seomra scrúdaithe nuair a bheidh tús curtha leis an scrúdú.

4. Má fhágann tú an seomra scrúdaithe roimh dheireadh an scrúdaithe ní mór duit na páipéir scrúdaithe, na freagarleabhair agus an t-ábhar gaolmhar ar fad e.g. dioscaí etc. a thabhairt don fheitheoir.

5. Níl cead agat teileafóin phóca, leabhair, páipéar ná nótaí (seachas i gcás leabhar scrúdaithe oscailte) a thabhairt isteach sa seomra scrúdaithe.

6. I rith an scrúdaithe, níl cead agat cumarsáid a dhéanamh nó iarracht cumarsáid a dhéanamh le hiarrthóir eile.

7. Níl cead agat damáiste a dhéanamh den seomra scrúdaithe ná d'aon rud istigh sa seomra scrúdaithe.

8. Níor mhór duit aird a thabhairt ar threoracha an fheitheora maidir le gach rud a bhaineann leis an scrúdú.

9. Féadfar tú a chaitheamh amach as an seomra scrúdaithe bunaithe ar do chuid iompair, má mheasann an feitheoir go bhféadfadh an t-iompar sin tionchar a imirt ar reáchtáil an scrúdaithe.

10. Ag deireadh an scrúdaithe, ba cheart duit éirí as an scríbhneoireacht láithreach bonn, an t-ábhar freagartha a thabhairt don fheitheoir agus fanacht i do shuí go gcuirtear a mhalairt in iúl.

## SCRÚDUITHE AR RÍOMHAIRE

Glacfar leis na rialacha a bhaineann le scrúduithe scríofa de réir mar a oireann d'iompar scrúduithe ar ríomhaire. Chomh maith leis sin:

1. Níor mhór duit an scrúdú a chríochnú ag an ríomhaire a shonraíonn an feitheoir duit.

2. Níl cead agat dlúthdhioscaí, dioscaí boga, maidí cuimhne ná trealamh ríomhaireachta a thabhairt isteach sa seomra scrúdaithe.

3. Níor cheart duit rochtain a fháil ar chomhaid iarrthóra eile ar ríomhaire.

4. Níor cheart duit cur isteach ar shlí ar bith ar ríomhairí ná ar threalamh sa seomra scrúdaithe.

5. Ag deireadh an scrúdaithe, ba cheart duit éirí as an gclóscríobh láithreach bonn, an t-ábhar freagartha ar fad (dioscaí, ábhar clóite) a thabhairt don fheitheoir agus fanacht i do shuí go gcuirtear a mhalairt in iúl.

## MEASÚNUITHE PRAITICIÚLA

Glacfar leis na rialacha a bhaineann le scrúduithe scríofa de réir mar a oireann do reáchtáil na measúnuithe praiticiúla. Chomh maith leis sin, níor mhór duit an méid seo a leanas a chinntiú:

I. Trealamh cosanta pearsanta a chaitheamh sa chás go bhfeileann sin don mheasúnú atá i gceist.

II. Aird a thabhairt ar nósanna imeachta agus ar chleachtais sábháilteachta i gcónaí.

III. A chinntiú nach gcuireann tú do shábháilteacht féin i mbaol, sábháilteacht an mheasúnóra, sábháilteacht an phobail nó sábháilteacht na timpeallachta.

## PIONÓIS MAIDIR LE SÁRÚ NA RIALACHA MEASÚNUITHE

Caithfear le sárú nó iarracht ar Rialacha Measúnaithe Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe a shárú, a dhéanfaidh foghlaimeoir ar bith nó thar ceann foghlaimeora ar bith eile mar chion.

Measfar gur tharla sárú ar rialacha measúnaithe nuair a rinneadh nó nuair a rinneadh iarracht ar cheann amháin acu seo a leanas:

- Calaois
- Cóipeáil
- Bradaíl
- Mífhaisnéis
- Breabaireacht
- Falsú
- Pearsanú nó cineál eile dallamullóg
- Foghlaimeoir ag ligean air/uirthi féin gur leis/léi tascanna atá déanta ag duine eile

Féadfar ceann ar bith nó gach ceann díobh seo a leanas a ghearradh mar phionóis ar shárú na rialacha measúnaithe:

- Gan creidiúint a fháil sa mheasúnú nó sa chuid den mheasúnú inar tharla an cion

- Gan creidiúint a fháil don mhodúl ina tharla an cion

- Gan creidiúint a fháil sna modúil ar fad do bhliain áirithe ina raibh an cúrsa á dhéanamh

- Gan gradam a fháil an bhliain ar tharla an sárú rialacha

- An t-iarrthóir a chur ar fionraí ó ghníomhaíochtaí uile an choláiste/an ionaid, ar feadh tréimhse shonraithe ama

- Moladh a chur faoi bhráid Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe an t-iarrthóir a chur ar fionraí go foirmiúil ón scoil/ón ionad

- Cuirfear in iúl duit i scríbhinn nuair atá sárú amhrasta ar rialacha measúnaithe á fhiosrú.

## PORTFÓILIÓNNA FETAC A CHUR I LÁTHAIR

*Bailiúchán in ord d'obair an fhoghlaimeora atá i bPortfóilió na hOibre Cúrsa. Nuair is féidir, is iad na hiarrthóirí féin a bheidh freagrach as a gcuid portfóiliónna féin a chur i dtoll a chéile.*

- Beidh ar gach iarrthóir fillteán aonair dá c(h)uid oibre a chur i láthair.

- Ba cheart go mbeadh leathanach cumhdaigh FETAC ar gach portfóilió ar a bhfuil cur síos ar an modúl, cód an mhodúil, ainm an iarrthóra agus uimhir scrúdaithe an iarrthóra.

- Ba cheart go gcuirfí obair an iarrthóra i láthair (scripteanna scrúdaithe marcáilte san áireamh) san ord atá luaite i dtuairiscín an mhodúil.

- Ba cheart gach roinn ar leith a ainmniú le leathanach cumhdaigh nó le lipéad, an bhileog mharcála chuí agus an tuairiscín cuí.

- Tugtar na portfóiliónna seo don teagascóir a thabharfaidh admháil don iarrthóir.

- Coinneofar an fhianaise ar fad go mbeidh tréimhse na n-achomharc caite.

## BAILIÚ OBAIR NA BHFOGHLAIMEOIRÍ I NDIAIDH DHÁTA NA NACHOMHARC

- Ach a mbeidh dáta na n-achomharc do na measúnuithe caite, cuirfidh an Príomhoide/Stiúrthóir an Ionaid an t-am agus an dáta sonraithe chun a gcuid oibre a bhailiú in iúl do na foghlaimeoirí.

- Ba cheart d'iarrthóirí socruithe a dhéanamh a gcuid oibre a bhailiú an lá sin iad féin nó ionadaí a ainmniú chun í a bhailiú.

- Sula nglactar leis an obair ar ais agus sula sínítear an admháil, ba cheart do na hiarrthóirí a chinntiú go bhfuil an obair ar fad ann. Ba cheart a chur in iúl don Phríomhoide/do Stiúrthóir/do Chomhordaitheoir an Ionaid má tá rud ar bith in easnamh.

**MURA MBAILEOFAR AN OBAIR AR AN DÁTA SONRAITHE NÓ TAOBH ISTIGH DE MHÍ AMHÁIN ÓN DÁTA SIN SCRIOSFAR AN OBAIR**

# NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHARC FETAC:

## COMHAIRLIÚCHÁN INMHEÁNACH

- Más mian le Foghlaimeoir achomharc a dhéanamh ar a c(h)uid torthaí, ba cheart dó/di scríobh chuig Príomhoide/Stiúrthóir/Comhordaitheoir an Ionaid taobh istigh de thrí lá ó na torthaí a fháil ar mhaithe lena chur in iúl gur mian leis/léi achomharc a dhéanamh ar a c(h)uid torthaí.

- Nuair a gheobhaidh Príomhoide/Stiúrthóir/Comhordaitheoir an Ionaid an t-achomharc beidh sé/sí i dteagmháil leis an bhfoghlaimeoir agus leis an teagascóir chun na cúiseanna leis an achomharc a phlé agus chun grád an fhoghlaimeora a mhíniú.

## ACHOMHARC SEACHTRACH

Má tá an foghlaimeoir fós míshásta le toradh an chruinnithe seo, féadfaidh sé/sí a iarraidh go ndéanfaidh FETAC achomharc ar an marc. Sa chás seo, comhlánófar agus seolfar láithreach bonn an Fhoirm Iarratais Achomharc.

Tá achomharc faoi réir táille FETAC a íoc do gach modúl a ndéantar achomharc air. Tá seiceanna iníoctha le FETAC. Sa chás go ndéantar toradh a leasú go fabhrach, aisíocfar an táille.

Cuirtear na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm i gcás gach achomharc:

- Seiceáiltear tuairisc an scrúdaitheora sheachtraigh / an fhíordheimhnitheora chun teacht ar thuairimí a bhaineann leis an gcás sonrach.

- Caithfidh an t-ionad an fhianaise ábhartha a raibh measúnú déanta uirthi a chur ar fáil, i.e. portfóilió fianaise iomlán an iarrthóra.

- Déanann scrúdaitheoir / an fíordheimhnitheora seachtrach eile an fhianaise a athmheas go neamhspleách.

- Cuirtear an toradh deiridh ar fáil do FETAC agus don scoil/ionad.

- Cuirfear an foghlaimeoir ar an eolas ina dhiaidh sin.

## SONRAÍ TEAGMHÁLA CHOISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE NA GAILLIMHE:

**CEANCHEATHRÚ RIARACHÁIN:**
Coiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe,
An Coiléar Bán, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-874260
Facs: 091-874270
Suíomh Gréasáin: www.countygalwayvec.com
Ríomhphost: enquiries@cogalvec.ie
Seosamh Mac Donncha – Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Seán Ó Dufaigh – Oifigeach Oideachais
Eithne Nic Dhonnchadha – Oifigeach d'Oideachas Aosach
Mairéad Nic Thomáis – Bainisteoir Acmhainní Daonna
Charlie Mitchell – Oifigeach Airgeadais
Tomás Breathnach – Timire Gaeilge
Máire Uí Éanaigh – Áisitheoir Oideachas Pobail
Mary Lane Heneghan – Comhordaitheoir FETAC

**SCOILEANNA**

| | |
|---|---|
| Tuaim<br>(093) 24237 | Eileen Ní Dhúláinne |
| An Creagán<br>(09096) 79231 | Áine Máire Ní Chearúil |
| Baile Locha Riach<br>(091) 841919 | Seán Ó Conghaile |
| An Cnoc Breac<br>(09096) 75811 | Pádraig Ó Ceallaigh |
| Indreabhán & Inis Meáin<br>(091) 593119 | Gearóid Ó Dubhlaoich |
| Corr na Móna<br>(09495) 48006 | Áine Bhreathnach |
| Baile Átha an Rí<br>(091) 844159 | Alan Ó Mongaigh |
| Baile Átha an Rí, Col. an Eachréidh<br>(091) 874590 | Brian Ó Maoilchiaráin |
| Inis Meáin, Oileáin Árann<br>(099) 61184 | Mairéad Ní Fhátharta |
| Inis Oírr, Oileáin Árann<br>(099) 75016 | Bríd Uí Dhonncha |
| Ros Muc<br>(091) 574100 | Peadar Ó Loideáin |
| Cill Rónáin, Óileáin Árann<br>(099) 61184 | Micheál Ó Goill |

## IONAID ÓGTHEAGMHÁLA

| | |
|---|---|
| Tuaim<br>(093) 26246 | David Parslow |
| Béal Átha na Slua<br>(09096) 42158 | Bill Day |
| Leitir Fraic<br>(095) 41893 | Theresa McLoughlin |
| Leitir Móir<br>(091) 551473 | Elesia Ní Cheannabháin |
| Port Omna<br>(09097) 59576 | Isabelle Ní Dhúinn |

## IONAID SCÉIM DEISEANNA OILIÚNA GAIRME (VTOS)

| | |
|---|---|
| Tuaim<br>(093) 25651 | Michael McDonagh |
| Béal Átha na Slua<br>(09096) 46492 | Cathal Larkin |
| Ros Muc<br>(091) 574411 | Mairéad Seoighe |
| Leitir Fraic<br>(095) 41302 | Sorcha O'Toole |

## IONAID OILIÚNA DON LUCHT TAISTIL

| | |
|---|---|
| Teach Madonna, Béal Átha na Slua<br>(09096) 43479 | Rita Coen |
| Ionad Naomh Benin, Tuaim<br>(093) 28640 | Gerardine McDonagh |
| Ionad Naomh Breandán, Baile Locha Riach<br>(091) 841387 | Catherine Cooney |
| Béal Átha Ghártha<br>(09066) 24003 | Dympna Collett |

## OIFIGÍ LITEARTHACHTA

| | |
|---|---|
| Baile Locha Riach<br>(091) 847850 | Sheila Donnellan |
| Tuaim<br>(093) 26609 | Sheila Holland Fox |
| Maigh Cuilinn<br>(091) 555877 | Teresa Gilligan |
| Ionad Fiontraíochta 2, Casla, Conamara<br>(091) 506060 | Neasa de Bhailis |
| Áth Cinn<br>(091) 34746 | Theresa Byrne |

## IONAD OIDEACHAIS SHEACHTRAIGH

| | |
|---|---|
| Ionad Oideachais Sheachtraigh<br>Cheapach na gCapall<br>(09495) 46483 | Patricia Walsh |

# NÓTAÍ